

# Futa Fata – Ábhar Tacaíochta don Seomra Ranga

Tiarnán agus an tÉinín  
le Andy Stanton



Gabhann Futa Fata buíochas le COGG a thacaigh le foilsiú an ábhair thacaíochta seo.

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



## Faoin Leabhar:

Tá Tiarnán de Staic i ngrá le Laoise Ní Chualáin. Ach ní shásóidh duine ar bith í siúd ach buachaill cliste, buachaill a bhfuil an-suim aige i Mata. Faigheann Tiarnán cúnamh óna dhlúthchara fíorchliste, An Dochtúir Éamonn Ó Murchú agus carachtar tábhachtach eile: éinín beag. Cabhraíonn siad beirt leis chun an spéirbhean, Laoise, a mhealladh.

## Faoin Údar:

Tá an-cháil ar Andy Stanton de bharr a shraith leabhar 'Mr Gum'. Is le greann a insíonn sé a chuid scéalta agus is iomaí gradam atá bainte aige dá chuid scríbhneoireachta, an Roald Dahl Funny Prize ina measc. Tá conaí air i Londain Shasana ach ba bhreá leis, lá éigin, cur faoi i Nua-Eabhrac nó i mBeirlín. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoi Andy ag [www.mrgum.co.uk](http://www.mrgum.co.uk)

## Téamaí an Leabhair:

**Cairdeas:** A fhad is atá Tiarnán ag rith i ndiaidh cailín dathúil, tá sé ag foghlaim faoin mbrí atá le fíorchairdeas.

**Glacadh le Daoine:** An rud is mó atá le foghlaim ón scéal seo ná nach ionann áilleacht agus cineáltas. Cairdeas agus croíthe cineálta bunchlocha caidrimh ar bith.



# Caibidil 1



## Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Scríobh síos an abairt is fearr leat as an gcur síos a dhéanann an t-údar ar Andy Stanton ar leathanach 7. Cén fáth go dtaitníonn an abairt sin leat?

Deir an t-údar go mbíonn báisteann ann i gcónaí agus croí duine á bhriseadh. Meas sibh cén sórt aimsire a bheadh ann dá mbeadh a n duine sin sona sásta? Nó dá mbeadh an duine sin feargach? Nó dá mbeadh faitíos ar an duine sin?

Conas a fuair an Dochtúir Éamonn Ó Murchú a hainm aisteach?

## Le plé sa rang:

Tá stíl ghreannmhar Andy Stanton le feiceáil ar an bpointe boise agus an cur síos áiféiseach a dhéanann sé ar Thiarnán de Staic. Ní móide go mbeadh liathróid dóite ag an ngrian nó go mbuafadh Tiarnán rás reatha agus gach duine eile ar rothar. An gcuireann cur síos áiféiseach den chineál sin leis an taitneamh a bhaineann léitheoir as an scéal? Cén fáth?

Cén cur síos áiféiseach is féidir leis an rang smaoineamh ar laoch spóirt a thaitníonn leo? Nó ar cheoltóir mór le rá?

## Smaoineamh don Rang Ealaíne:

Déan cartún de laoch spóirt nó ceoil bunaithe ar an gcur síos áiféiseach a chum an rang agus iad á phlé.



# Caibidil 2



## Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Cén fáth nach raibh Tiarnán in ann Laoise a bhaint amach as a cheann?

Cén botún a rinne máthair An Dochtúir Éamonn Ó Murchú nuair a shiúil sí isteach?

Bhí meascán de dhá mhothúchán éagsúla ar Thiarnán nuair a rith sé síos an staighre – cén dá mhothúchán a bhí i gceist?

## Le plé sa rang:

Gan a thuilleadh a léamh, cad tá chun tarlú anois sa scéal, dar leis an rang?

Cén sort pearsantachta atá ag an Dochtúir Éamonn Ó Murchú?



## Caibidil 3



### Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Cén fáth go raibh Tiarnán trína chéile? Cad a rinne sé chun feabhas a chur ar chúrsaí? An plean maith a bhí ansin? Cén fáth?

Cén rud iontach agus aisteach a tharla agus Tiarnán ag ciceáil carn duilleog ar a bhealach abhaile?

Tabhair dhá chúis a thugann le fios go raibh an t-éinín an-chliste.

### Le plé sa rang:

Conas a d'fhéadfadh an t-éinín cabhrú le Tiarnán, dar leis an rang?

Is ábhar tábhachtach an mata: bíonn mata mórthimpeall orainn sa saol. Mar shampla, sna cluichí gaelacha, má bhíonn scór ann ar nós 3–16 in aghaidh 4–9, caithfidh tú bheith in ann an mata a dhéanamh le fios a bheith agat cé hiad buaiteoirí an chluiche.

Cuimhnigh ar shamplaí eile den mhata á húsáid againn sa ghnáthshaol.



## Caibidil 4



### Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Cén chuma a bhí ar Laoise agus í ina seasamh sa chlós?

Cum dhá abairt eile sa stíl chéanna a thugann le fios go raibh sí go hálainn.


Cén dul amú a bhí ar Thiarnán ar bhun leathanach 27?

Cén t-ábhar nua a raibh suim ag Laoise anois ann?

Samhlaigh go n-athróidh sí a hintinn arís faoi dhó faoi na hábhair a bhfuil suim aici iontu. Smaoinigh ar dhá ábhar eile a d'fhéadfadh sí a roghnú?

### Le plé sa rang:

Bhí Laoise Ní Chualáin ag léamh dhá alt san irisleabhar. 'Stíleanna Gruaige a mheallfaidh na Buachaillí' agus 'Conas a bheith gránna le buachaill deas'. Céard a léiríonn na hailt seo faoi charachtar Laoise?



Cén fáth gur athraigh sí a hintinn faoin tsuim a bhí aici sa mhata, dar leis an rang?

### Smaoineamh don rang ceoil:

Cuimhnigh ar amhrán a chuireann síos ar dhuine nach bhfuil go deas: m.sh ‘Why’ve you gotta be so mean?’ le Taylor Swift. Cuir Gaeilge air, ach úsáid carachtar Laoise Ní Chualáin mar an duine nach bhfuil go deas agus cuir isteach an méid a rinne sí faoin mata agus na príomhchathracha. Déan iarracht rithim na línte a bheith chomh cosúil le leagan Taylor Swift agus is féidir. Can sa rang é!



## Caibidil 5

### Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Go dtí seo sa scéal casadh dhá leabhar orainn agus tá ainm Thiarnáin luaite ar an dá chlúdach. Scríobh síos na teidil áiféiseacha a bhí orthu (nod: tá an dara ceann luaite i lár leathanach 32).

Cén dá bhréag a d’inis Tiarnán ag barr leathanach 34?

Cén áit a bhfuair an t-éinín eolas ar phríomhchathracha an domhain?

### Le plé sa rang:

Cén fáth ar dhiúltaigh Tiarnán cúnamh a ghlacadh ón Dochtúir Éamonn Ó Murchú nuair a chuir sí glaoch ar an bhfón?

D’fhiafraigh an Dochtúir Éamonn Ó Murchú de Thiarnán an mbeadh sé sásta dá mbeadh sé ag dul amach le Laoise? Cén tuairim atá ag an rang faoin gceist sin? Cén fáth?

### Smaoineamh don Scríbhneoireacht Chruthaitheach:

Roinn an rang ina cheithre ghrúpa agus scríobh achoimre den scéal go dtí seo ó dhearcadh na gcarachtar éagsúil seo: Tiarnán, Laoise Ní Chléirigh, An Dochtúir Éamonn Ó Murchú, an t-éinín.



## Caibidil 6

### Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Déan cur síos ar an gcluiche ‘Mánas Mantach agus an Mhuicín’. Mura bhfuil a fhios agat, faigh amach ón bhfoclóir cén bhrí atá leis an bhfocal ‘mantach’.

Cén fáth nach raibh Tiarnán in ann Laoise a shamhlú ag imirt ‘Mánas Mantach agus an Mhuicín’?

Cén fáth nach raibh fonn ar Thiarnán bheith ag leanacht daoine amhrasacha sa pháirc inniu?

### Le plé sa rang:

Ag deireadh na caibidle seo, tá Tiarnán ag súil le Laoise a mhealladh faoi dheireadh. Gan an chéad chaibidil eile a léamh (NÁ DÉAN!) – pléigh an cheist seo: an éireoidh leis an uair seo? Conas a mheallfaidh sé í?



## Smaoineamh don rang corpoideachais:

Roimh an rang corpoideachais, oibrigh amach leagan den chluiche ‘Mánas Mantach agus an Mhuicín’ a d’fhéadfadh dhá fhoireann a imirt seachas beirt duine. Oibrigh amach rialacha a chinnteoidh nach mbeidh éinne gortaithe agus córas scórála a chinnteoidh go mbeidh buaiteoir amháin nó comhscór ann ag deireadh an chluiche. Bain craic as!



## Caibidil 7

### Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Cén cur síos greannmhar atá ag Tiarnán faoin tslí ar cheap sé an t-am a bheith ag imeacht go han-mhall ar fad?

Cén rud nach raibh Tiarnán in ann a chreidiúint?

Conas a thánig an t-éinín i gcabhair leis arís?

### Le plé sa rang:

Gan an chaibidil dheireanach a léamh, cén deireadh a bheidh leis an scéal anois, dar leis an rang?

An gcreideann an rang Laoise nuair a deir sí nach n-athróidh sí a hintinn arís agus go rachaidh sí amach le Tiarnán má chuireann sé eolas ar chineálacha bláthanna?

## Smaoineamh leis an eolas ginearálta a fhorbairt:

Bíodh tráth na gceist sa rang agus foirne éagsúla ag iomaíocht. An t-ábhar na: Príomhchathracha an domhain.

## Caibidil 8



### Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Déan cur síos ar an bplean a bhí ag Laoise don chéad uair a rachadh sí amach le Tiarnán.

Cén fáth gur athraigh Tiarnán a intinn faoi dhul amach le Laoise?

Cén fáth gur shocraigh sé ceist a chur ar an Dochtúir Éamonn Ó Murchú dul amach leis?

### Le plé sa rang:

An bhféadfadh Laoise Ní Chualáin rud ar bith a fhoghlaim ón Dochtúir Éamonn Ó Murchú?

Cad a cheap an rang faoi dheireadh an scéil?

Cé mhéad duine a bhí tar éis aithint go raibh tábhacht leis an uachtar reoite a bhí ag an Dochtúir Éamonn Ó Murchú agus an cloigín a bhí ar an éan? (INIS AN FHÍRINNE!)



## Smaoineamh don rang ealaíne:

Ag obair i ngrúpaí, déan leagan amach garbh ar phóstaer do scannán bunaithe ar an leabhar. Is féidir an t-ainm a athrú más maith libh. Caithfear líne nó abáirt ghearr a chumadh a chuireann síos ar an scéal ar bhealach suimiúil a mheallfaidh an lucht féachana. Roghnaigh radharc ón scéal le cur mar íomhá, nó pictiúr a thaispeánann na carachtair. Is é an coincheap is tábhachtaí, seachas póstaer an-snasta a dhéanamh. Déanadh gach grúpa cur i láthair os comhair an ranga agus déan plé ar na smaointe éagsúla.

